*Uimhir* 4 *de* 2006

# An tAcht Iomaíochta (Leasú), 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 4 *de* 2006

# AN tACHT IOMAÍOCHTA (LEASÚ), 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Leasú ar an Acht Iomaíochta, 2002 trí Chuid 2A nua a chur isteach.
2. Leasú ar alt 30 den Acht Iomaíochta, 2002.
3. Leasú ar alt 45 den Acht Iomaíochta, 2002.
4. An tOrdú Earraí Grósaera a chúlghairm.
5. Aisghairm.
6. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

AN SCEIDEAL

NA hACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht Iomaíochta, 2002 | 2002, Uimh. 14 |
| An tAcht Léiriúcháin, 2005 | 2005, Uimh. 23 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta, 1972 | 1972, Uimh. 11 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1975 | 1975, Uimh. 15 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1978 | 1978. Uimh. 11 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1979 | 1979, Uimh. 14 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1980 | 1980, Uimh. 19 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1981 | 1981, Uimh. 4 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1987 | 1987, Uimh. 23 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Orduithe a Dhaingniú), 1974 | 1974, Uimh. 4 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1978 | 1978, Uimh. 12 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1980 | 1980, Uimh. 38 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1981 | 1981, Uimh. 7 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 3), 1978 | 1978, Uimh. 31 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1956 | 1956, Uimh. 15 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1960 | 1960, Uimh. 20 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1963 | 1963, Uimh. 6 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1966 | 1966, Uimh. 11 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1969 | 1969, Uimh. 28 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1972 | 1972, Uimh. 18 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Orduithe a Dhaingniú), 1958 | 1958, Uimh. 31 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Orduithe a Dhaingniú), 1962 | 1962, Uimh. 16 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Orduithe a Dhaingniú), 1972 | 1972, Uimh. 8 |

| | |
|---|---|
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1956 | 1956, Uimh. 16 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1962 | 1962, Uimh. 30 |
| An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 3), 1956 | 1956, Uimh. 33 |

*Uimhir* 4 *de* 2006

# AN tACHT IOMAÍOCHTA (LEASÚ), 2006

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA IOMAÍOCHTA, 2002 TRÍ SHOCRÚ A DHÉANAMH, AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL, CHUN TOIRMEASC A CHUR AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ LENA gCOISCTEAR, LENA SRIANTAR NÓ LENA SAOBHTAR IOMAÍOCHT I dTRÁDÁIL IN EARRAÍ GRÓSAERA SA STÁT, DO CHÚLGHAIRM AN ORDAITHE UM CHLEACHTAIS SRIANTA (EARRAÍ GRÓSAERA), 1987 AGUS D'AISGHAIRM AN ACHTA UM CHLEACHTAIS SRIANTA (ORDÚ A DHAINGNIÚ), 1987 AGUS ACHTANNA GAOLMHARA EILE AGUS ACHTANNA EILE ATÁ Ó FHEIDHM. [11 *Márta* 2006]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar an Acht Iomaíochta, 2002 trí Chuid nua 2A a chur isteach.

**1.—**Leasaítear an tAcht Iomaíochta, 2002 tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 2:

"CUID 2A

IOMAÍOCHT I dTRÁDÁIL EARRAÍ GRÓSAERA

Mínithe agus oibriú na Coda seo.

15A.—(1) Sa Chuid seo—

folaíonn 'liúntas' aon lascaine, lacáiste, lamháltas praghais nó buntáiste eile atá comhthaobhach do dhíol nó do cheannach earraí grósaera ach nach gcuirtear chun feidhme go díreach maidir leis an bpraghas díola nó ceannaigh;

ciallaíonn 'earraí grósaera' aon bhia nó deoch atá le caitheamh ag an duine agus a bheartaítear a dhíol mar earraí grósaera, agus folaíonn sé—

(*a*) aon substaint nó rud a dhíoltar, nó a chuirtear in ionannas le ní atá le

húsáid, mar bhia nó mar dheoch atá le caitheamh ag an duine,

(*b*) aon substaint nó rud a dhíoltar, nó a chuirtear in ionannas le ní atá le húsáid, mar bhreiseán, mar chomhábhar nó mar bhreiseán próiseála le linn bia nó deoch, atá le caitheamh ag an duine, a ullmhú nó a tháirgeadh, agus

(*c*) deochanna meisciúla;

ciallaíonn 'gnóthas earraí grósaera', faoi réir fho-ailt (2) agus (3), gnóthas a ghabhann d'earraí grósaera a tháirgeadh, a sholáthar nó a dháileadh le haghaidh luaíochta, cibé acu a ghabhann nó nach ngabhann an gnóthas do na hearraí sin a dhíol go díreach leis an bpobal;

ciallaíonn 'miondíoltóir' gnóthas earraí grósaera a dhíolann nó a athdhíolann earraí grósaera go díreach leis an bpobal.

(2) Chun críocha na Coda seo, ní gnóthas earraí grósaera é gnóthas a tháirgeann, a sholáthraíonn nó a dháileann breiseán, comhábhar nó breiseán próiseála dá dtagraítear i mír (*b*) den mhíniú ar 'earraí grósaera' i bhfo-alt (1) mura mbeartaítear go ndéanfaidh miondíoltóir an breiseán, an comhábhar nó an breiseán próiseála a dhíol mar bhreiseán, mar chomhábhar nó mar bhreiseán próiseála.

(3) Níl feidhm ag fo-alt (2) ach amháin a mhéid nach dtagann an gnóthas ar shlí eile faoi réim an mhínithe ar 'gnóthas earraí grósaera' i bhfo-alt (1).

(4) D'fhonn amhras a sheachaint, níl feidhm ag an gCuid seo maidir leis an gcuid sin d'oibríocht gnóthais a mbaineann a gnó le haon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(*a*) bia nó deoch a riar nó a sholáthar i gcúrsa seirbhísí lónadóireachta, seirbhísí bialainne, nó seirbhísí beir leat nó aon seirbhísí fáilteachais dá samhail a chur ar fáil;

(*b*) deoch mheisciúil a riar nó a sholáthar lena caitheamh san áitreabh.

(5) Oibríonn an Chuid seo gan dochar do Chuid 2.

Iompar frithiomaíoch i dtrádáil earraí grósaera.

15B.—(1) Faoi réir fho-alt (5), ní dhéanfaidh gnóthas earraí grósaera iarracht, go díreach nó go neamhdhíreach, cibé acu le bagairt, le geallúint nó ar aon mhodh den tsamhail chéanna,

iallach a chur ar ghnóthas earraí grósaera eile aon earraí grósaera a athdhíol nó a fhógairt lena n-athdhíol ná gnóthas earraí grósaera eile a chomhéigniú chun aon earraí grósaera a athdhíol nó a fhógairt lena n-athdhíol—

(*a*) ar phraghas a bheidh socraithe go díreach nó go neamhdhíreach ag an ngnóthas earraí grósaera céadluaite, nó

(*b*) ar phraghas atá os cionn praghas íosta a bheidh socraithe go díreach nó go neamhdhíreach ag an ngnóthas earraí grósaera céadluaite.

(2) Faoi réir fho-alt (5), ní dhéanfaidh gnóthas earraí grósaera coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme maidir le hidirbhearta coibhéiseacha le haon ghnóthas earraí grósaera eile.

(3) Faoi réir fho-alt (5), ní dhéanfaidh gnóthas earraí grósaera, go díreach nó go neamhdhíreach, cibé acu le bagairt, le geallúint nó ar aon mhodh den tsamhail chéanna, iallach a chur ar ghnóthas earraí grósaera eile aon íocaíocht a dhéanamh nó aon liúntas a dheonú chun earraí grósaera a fhógairt nó a thaispeáint ná gnóthas earraí grósaera a chomhéigniú chun aon íocaíocht a dhéanamh nó aon liúntas a dheonú chun earraí grósaera a fhógairt nó a thaispeáint.

(4) Faoi réir fho-alt (5) agus gan ginearáltacht fho-alt (3) a theorannú, ní dhéanfaidh miondíoltóir, go díreach nó go neamhdhíreach, cibé acu le bagairt, le geallúint nó ar aon mhodh den tsamhail chéanna, iallach a chur ar ghnóthas earraí grósaera eile aon íocaíocht a dhéanamh leis an miondíoltóir nó aon liúntas a dheonú don mhiondíoltóir, ná gnóthas earraí grósaera eile a chomhéigniú chun aon íocaíocht a dhéanamh leis an miondíoltóir nó aon liúntas a dheonú don mhiondíoltóir, i gcomaoin aon cheann de na nithe seo a leanas:

(*a*) spás a sholáthar le haghaidh earraí grósaera laistigh d’ionad miondíola nua ar é a oscailt don phobal nó laistigh den chéad 60 lá dá éis sin;

(*b*) spás a sholáthar le haghaidh earraí grósaera laistigh d’ionad miondíola nuamhéadaithe nó nuashínte ar an gcuid mhéadaithe nó shínte den ionad a oscailt don phobal nó laistigh den chéad 60 lá dá éis sin;

(*c*) spás a sholáthar le haghaidh earraí grósaera laistigh d'ionad miondíola ar é a oscailt don phobal faoi úinéireacht nua nó laistigh den chéad 60 lá dá éis sin.

(5) Ní thoirmeascfar iompar a thuairiscítear i bhfo-ailt (1) go (4) mura rud é gurb é cuspóir nó éifeacht an iompair sin iomaíocht i dtrádáil in aon earraí grósaera sa Stát nó in aon chuid den Stát a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.

Ceart caingne mar gheall ar shárú ar alt 15B.

15C.—(1) Aon duine arb éagóir leis nó léi aon iompar a thoirmeasctar faoi alt 15B beidh ceart caingne aige nó aici faoin bhfo-alt seo le haghaidh faoisimh i gcoinne aon cheann, nó aon duine, díobh seo a leanas:

(*a*) aon ghnóthas earraí grósaera ar páirtí é, nó ar pháirtí é aon tráth ábhartha, san iompar toirmiscthe;

(*b*) aon stiúrthóir, bainisteoir nó oifigeach eile de chuid gnóthas den sórt sin, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, a d'údaraigh an t-iompar toirmiscthe nó a thoiligh leis, de réir mar a bheidh.

(2) Beidh ceart caingne ag an Údarás faoin bhfo-alt seo i leith iompar a thoirmeasctar faoi alt 15B.

(3) Faoi réir fho-alt (4), féadfar caingean faoi fho-alt (1) nó (2) a thionscnamh sa Chúirt Chuarda nó san Ard-Chúirt.

(4) Beidh feidhm ag fo-ailt (4) go (6), (8) agus (9) d'alt 14 fairis na hathruithe is gá chun críocha caingean faoi fho-alt (1) nó (2) den alt seo agus, chun na gcríoch sin, tá aon tagairt i bhfo-ailt (4) go (6), (8) agus (9) d'alt 14 do chaingean faoi fho-alt (1) nó (2) den alt sin le léamh mar thagairt do chaingean faoi fho-alt (1) nó (2) den alt seo, de réir mar a bheidh.".

Leasú ar alt 30 den Acht Iomaíochta, 2002.

**2.—**Leasaítear alt 30(4)(*b*) den Acht Iomaíochta, 2002 trí "le haghaidh faoisimh faoi alt 14 nó 15C" a chur in ionad "le haghaidh faoisimh faoi alt 14".

Leasú ar alt 45 den Acht Iomaíochta, 2002.

**3.—**Leasaítear alt 45(13)(*a*) den Acht Iomaíochta, 2002 trí "faoi alt 14 nó 15C," a chur in ionad "faoi alt 14,".

An tOrdú Earraí Grósaera a chúlghairm.

**4.—**(1) Déantar an tOrdú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1987 (I.R. Uimh. 142 de 1987) a chúlghairm.

(2) Ní dhéanann cúlghairm an ordaithe faoi *fho-alt (1)* den alt seo—

(*a*) aon ní a athbheochan nach raibh i bhfeidhm nó nach raibh ann díreach roimh an gcúlghairm,

(*b*) difear d'oibriú an ordaithe roimhe sin ná d'aon ní a rinneadh nó a fulaingíodh go cuí faoi nó i ndáil leis,

(*c*) difear d'aon cheart, pribhléid, oibleagáid nó dliteanas a fuarthas, a d'fhabhraigh nó a tabhaíodh faoin ordú nó i ndáil leis,

(*d*) difear d'aon phionós, forghéilleadh nó pionósú a tabhaíodh i leith aon chion i gcoinne an ordaithe nó i ndáil leis an ordú, nó i leith aon sárú ar an ordú nó i ndáil leis an ordú, is cion nó sárú a rinneadh roimh an gcúlghairm, nó

(*e*) dochar nó difear d'aon imeachtaí dlí (sibhialta nó coiriúla) atá ar feitheamh tráth na cúlghairme i leith aon cheart, pribhléid, oibleagáid, dliteanas, cion nó sárú den sórt sin.

(3) Maidir le haon imeachtaí dlí (sibhialta nó coiriúla) i leith na nithe seo a leanas—

(*a*) ceart, pribhléid, oibleagáid nó dliteanas a fuarthas, a d'fhabhraigh nó a tabhaíodh faoin ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* den alt seo nó i ndáil leis an ordú sin,

(*b*) cion i gcoinne an ordaithe sin nó i ndáil leis, nó

(*c*) sárú ar an ordú sin nó i ndáil leis,

féadfar iad a thionscnamh, a choimeád ar marthain nó a fhorfheidhmiú, agus féadfar aon phionós, forghéilleadh nó pionósú i leith cion faoi *mhír (b)* den fho-alt seo, nó i leith sárú faoi *mhír (c)* den fho-alt seo, a fhorchur agus a chur i gcrích, amhail is dá mba rud é nach ndearnadh an t-ordú a chúlghairm.

(4) Oibríonn an t-alt seo gan dochar d'alt 27 den Acht Léiriúcháin, 2005.

Aisghairm.

**5.**—(1) Déantar na hachtacháin dá dtagraítear sa *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a aisghairm a mhéid a shonraítear sa tríú colún den *Sceideal* sin.

(2) A mhéid atá sé gan aisghairm, aisghairtear an tAcht um Chleachtais Srianta, 1972.

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

**6.**—(1) Féadfar an tAcht Iomaíochta (Leasú), 2006 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Iomaíochta, 2002 agus 2006 a ghairm den Acht seo agus den Acht Iomaíochta, 2002 le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

*Alt 5(1).*

AN SCEIDEAL

NA hACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

| Uimhir agus Bliain (1) | Gearrtheideal (2) | Méid na hAisghairme (3) |
|---|---|---|
| Uimh. 15 de 1956 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1956 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 16 de 1956 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1956 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 33 de 1956 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 3), 1956 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 31 de 1958 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Orduithe a Dhaingniú), 1958 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 20 de 1960 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1960 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 16 de 1962 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Orduithe a Dhaingniú), 1962 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 30 de 1962 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1962 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 6 de 1963 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1963 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 11 de 1966 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1966 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 28 de 1969 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1969 | An tAcht iomlán |

| Uimhir agus Bliain (1) | Gearrtheideal (2) | Méid na hAisghairme (3) |
|---|---|---|
| Uimh. 8 de 1972 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Orduithe a Dhaingniú), 1972 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 18 de 1972 | An tAcht um Chleachtais Srianta Trádála (Ordú a Dhaingniú), 1972 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 4 de 1974 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Orduithe a Dhaingniú), 1974 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 15 de 1975 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1975 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 11 de 1978 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1978 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 12 de 1978 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1978 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 31 de 1978 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 3), 1978 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 14 de 1979 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1979 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 19 de 1980 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú) 1980 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 38 de 1980 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1980 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 4 de 1981 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1981 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 7 de 1981 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú) (Uimh. 2), 1981 | An tAcht iomlán |

| Uimhir agus Bliain (1) | Gearrtheideal (2) | Méid na hAisghairme (3) |
|---|---|---|
| Uimh. 23 de 1987 | An tAcht um Chleachtais Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1987 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 14 de 2002 | An tAcht Iomaíochta, 2002 | Alt 49 |

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Facs: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€2.54

Wt. —. 22. 1/22. Essentra. (88074). Gr.30-15.

ISBN 978-1-4468-6982-6